



An Bhruiséil, 27 Samhain 2014
(OR. en)

15852/14

RECH 450
MED 47

NÓTA

ó:	Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)
chuig:	An Chomhairle
Uimh. an doic. roime seo:	15043/14 RECH 422 MED 44
Ábhar:	Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le Comhpháirtíocht le haghaidh Taighde agus Nuála i limistéar na Meánmhara - Glacadh

- I.** An tionscnamh maidir le comhpháirtíocht athnuaite don taighde agus don nuálaíocht i limistéar na Meánmhara, is próiseas seanbhunaithe é a fuair spreagadh ar leith in 2012 tríd an "Comhdháil Eora-Mheánmhara ar an Taighde agus an Nuáil" a tionóladh in Barcelona, agus tríd an bplé neamhfhoirmiúil a tionóladh faoi Uachtaránacht na Cipire.

Mar thoradh ar na cruinnithe sin, rinne grúpa Ballstát i gcomhar le roinnt Tíortha Comhpháirtíochta de chuid na Meánmhara *tionscnamh na Comhpháirtíochta le haghaidh Taighde agus Nuálaíochta i Limistéar na Meánmhara* (PRIMA) a sheoladh, agus é mar aidhm comhpháirtíocht fhadtéarmach struchtúrtha sa taighde agus sa nuálaíocht a bhunú i limistéar na Meánmhara i gcomhréir le prionsabail na comhúinéireachta, na leasa fhrithpháirtigh agus na sochar comhroinnte agus ag cur leis an iliomad gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta déthaobhacha agus iltaobhacha sa réigiún.

2. Le dhá bhliain anuas, feidhmíodh tionscnamh PRIMA chun go n-ullófaí na bloic thógála do Chlár Comhpháirteach a bheadh bunaithe ar thionscnamh de bhun Airteagal 185. I bhfianaise an méid sin, malartaíodh tuairimí maidir leis an gcomhar Eora-Mheánmhara a neartú ag an gComhairle an 26 Bealtaine 2014, agus eagraíodh dhá phlé neamhfhoirmiúla faoi seach, faoi Uachtaránacht na Gréige agus na hIodáile.
3. Sa chomhthéacs sin, mhol Uachtaránacht na hIodáile go nglacfaí dréacht-Chonclúidí ón gComhairle le go dtabharfaí aitheantas don obair a rinne PRIMA agus a iarraidh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar rannpháirtíocht an Aontais sa chlár sin ar bhonn Airteagal 185 CFAE.
4. Rinneadh plé ar na dréacht-Chonclúidí ar leibhéal na Meithle i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna 2014. Rinne Coiste na mBuanionadaithe na saincheistean a bhí fós gan réiteach a scrúdú ag an gcruinniú a bhí aige an 21 Samhain 2014 agus chomhaontaigh siad i bprionsabal ar an téacs.
5. Iarrtar dá bhrí sin ar an gComhairle ("Iomaíochas") ag an gcruinniú a bheidh aici an 4-5 Nollaig 2014, na conclúidí a ghlacadh ina léirítear na hathruithe i gcló trom agus líne fúthu agus in [...] ar de thoradh ar chruinniú an Choiste Bhuanionadaithe iad.

**DRÉACHT-CHONCLÚIDÍ ÓN GCOMHAIRLE MAIDIR LE COMHPHÁIRTÍOCHT LE
HAGHAIDH TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHTA I LIMISTÉAR NA MEÁNMHARA**

AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

AG MEABHRÚ DI NA NITHE SEO A LEANAS

- An dá Theachtaireacht Chomhphárteacha ón gCoimisiún Eorpach agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála maidir le "Comhpháirtíocht um dhaonlathas agus um rathúnas chomhroinnte in éineacht leis an Meánmhuir Theas"¹ agus maidir le "Freagairt nua ar Chomharsanacht atá ag athrú"², faoi seach, an 8 agus an 25 Bealtaine 2011, inar aithníodh an leas comhphárteach gur daonlathach, cobhsaí, rathúil agus síochánta a bheidh an Mheánmhuir Theas, agus ina ndearnadh tacaíocht ó AE a thairiscint do na comhpháirtithe sa Mheánmhuir Theas trí "Comhpháirtíocht um daonlathas agus um rathúnas chomhroinnte" ina bhfuil sé mar aidhm go dtacófar leis an dul chun cinn i dtreo an daonlathais dhomhain, mar aon le forbairt inbhuanaithe, eacnamaíoch agus shóisialta;
- Gurb é a bhí sa phróiseas chun feabhas a chur ar an gcomhar don Taighde agus don Nuáil sa Limistéar Eora-Mheánmhara céimeanna éagsúla polaitiúla, oibríochtúla, lena n-áirítear cruthú an Choiste Faireacháin don chomhar Eora-Mheánmhara i 1995 chun faireachán a dhéanamh ar an gcomhar sa Taighde, sa Teicneolaíocht agus san Fhorbairt agus chun an comhar sin a chur chun cinn; Beartas Comharsanachta na hEorpa a bunaíodh in 2004 agus a athnuadh in 2011; bunú an Aontais don Mheánmhuir in 2008; agus roinnt tionscadal agus ERANETanna éagsúla atá á maoiniú ag AE, chun tacú leis an gcomhordú ar chláir náisiúnta taighde idir AE agus Tíortha Comhpháirtíochta na Meánmhara;

¹ COM (2011) 200 final

² COM (2011) 303 final

- An Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach an 6 Deireadh Fómhair 2010 maidir le "Aontas Nuála Thionscnamh Suaitheanta Eoraip 2020"³ inar measadh "Is gá don Aontas Eorpach agus dá chuid Ballstát an comhar eolaíoch le tríú tíortha a láimhseáil mar ábhar coiteann inní agus cineálacha coiteanna cur chuige a fhorbairt". *Ba cheart go gcuideodh sé sin le cur chuige agus réitigh iomlánaíocha maidir le dúshlán sa tsochaí agus maidir le **cothrom na Féinne a áirithiú*** (tiomantas 31).
- An "Comhdháil Eora-Mheánmhara maidir le Taighde agus sa Nuáil" a d'eagraigh an Coimisiún Eorpach in Barcelona i mí Aibreáin 2012, ag iarraidh go ndéanfaí comhpháirtíocht athnuaite sa taighde agus sa nuálaíocht ar cheart í a bhunú ar phrionsabail na comhúinéireachta, an leasa fhrithpháirtigh agus na sochar comhroinnte;
- Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach an 14 Meán Fómhair 2012, "Comhar idirnáisiúnta AE sa taighde agus sa nuáil a fheabhsú agus a dhíriú: cur chuige straitéiseach"⁴, ina ndírítear ar chomhtháthú a chothú sa Limistéar Eorpach Taighde le haghaidh na Comharsanachta nó ar ailíniú leis an Limistéar sin a chothú, agus ar an gcaoi sin lena gcuideofar le 'Comhspás Eolais agus Nuála' a fhorbairt, iarrtar, inter alia, gur i ndlúthchomhar le hionstraimí an bheartais comharsanachta a bheidh an comhar.
- A Conclúidí ón 30 Bealtaine 2013 maidir le "Comhar idirnáisiúnta AE sa taighde agus sa nuálaíocht a fheabhsú agus a dhíriú: cur chuige straitéiseach"⁵, ina n-aithnítear gur féidir an breisluach don Aontas a fháil ní amháin trí dhul i gcomhar le tíortha tionsclaithe agus leis na geilleagair atá ag teacht chun cinn, ach trí chomhar a dhoimhniú leis na tíortha is iarrthóirí nó na tíortha is iarrthóirí ionchasacha agus le tíortha comharsanachta agus leis na tíortha i mbéal a bhforbartha, ar bhonn an chomhleasa;
- An Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach an 10 Meitheamh 2014 maidir le "Taighde agus nuálaíocht mar fhoinsí an fháis athnuaite"⁶, ina sainaitnítear an Taighde agus an Nuálaíocht mar acmhainní chun an fás a chothú agus chun poist a chruthú agus ina n-iarrtar ar na Ballstáit a gcuid iarrachtaí a dhíriú ar líon teoranta tosaíochtaí lárnacha;

³ 14035/10

⁴ 14000/12

⁵ 10318/13

⁶ 10897/14

1. CUIRTEAR SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur chun tairbhe dúinn uile atá an chomhpháirtíocht lenár gcomharsana, ós rud é go dtéann an chobhsaíocht, an rathúnas agus forbairt eacnamaíoch inbhuanaithe agus cruthú post i dtíortha Comhpháirtíochta na Meánmhara Theas chun leasa AE chomh maith;
2. MEABHRAÍTEAR SÍ gur sheol an Coimisiún, mar obair leantach ar na conclúidí ón "Comhdháil Eora-Mheánmhara maidir le Taighde agus Nuálaíocht" a tionóladh in Barcelona in 2012, "gníomhaíocht sonrath LET-NET/LET-NET PLUS, agus é mar aidhm go rannchuideofaí le sásra comhordúcháin inbhuanaithe, fadtéarmach a ullmhú idir AE, a chuid Ballstát agus tíortha na Meánmhara, amhail tionscnamh de bhun Airteagal 185 don Mheánmhuir";[...]3. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go raibh tacaíocht leathan ann go ndéanfar an comhar Eora-Mheánmhara sa taighde agus sa nuálaíocht a neartú tuilleadh le linn don Chipir a bheith i mbun Uachtaránachta ar an gComhairle, agus go bhfuil roinnt Ballstát i bhfabhar leas a bhaint as Airteagal 185 CFAE toisc gurb é sin an bunús dlí is iomchuí le comhar straitéiseach fhadtéarmach a láimhseáil i limistéar na Meánmhara;
4. IS DÍOL SÁSAIMH DI trédhearcacht agus rannchuidiú an tionscnaimh "Comhpháirtíocht le haghaidh Taighde agus Nuálaíocht i limistéar na Meánmhara" (PRIMA) agus idirphlé oscailte an tionscnaimh sin le Tíortha Comhpháirtíochta na Meánmhara, ar tionscnamh é a thosaigh in 2013, chun an bealach a réiteach i dtreo tionscnamh de bhun Airteagal 185 CFAE arb éard is aidhm leis feabhas a chur ar an gcomhar i dtaighde agus i nuálaíocht i limistéar na Meánmhara agus creat cobhsaí fadtéarmach agus inbhuanaithe a chruthú ar bhonn na sochar frithpháirteach, comhpháiríochtaí ar chomhchéim, na comhúinéireachta, na comhchinnteoireachta, agus an chómhaoinithe, **chomh maith le barrfeabhais agus breisluach.**

5. ATHDHEARBHAÍONN SÍ an tacaíocht leathan pholaitiúil do chomhar fadtéarmach sa taighde agus sa nuálaíocht sa Limistéar Eora-Mheánmhara, mar a léiríodh ag an gcruinniú de chuid na Comhairle an 26 Bealtaine 2014. MEABHRAÍONN SÍ an plé a tionóladh le linn na ndíospóireachtaí neamhfhoirmiúla a d'eagraigh an Uachtaránacht Heilléanach agus Uachtaránacht na hIodáile faoi seach an 13 Bealtaine agus an 26 Meán Fómhair 2014. I ndáil leis sin, TUGANN SÍ DÁ HAIRE go bhfuil sé mar aidhm sa chomhar sin go mbunófar clár comhpháirtíochta poiblí-phoiblí a bhunú i gcomhréir le hAirteagal 185 CFAE .
6. AITHNÍONN SÍ go bhféadfaí, le PRIMA, má [...] bhunaítear ar Airteagal 185 CFAE, ról traschóirithe idir tíortha rannpháirteacha a thabhairt don taighde agus don nuálaíocht, feabhas suntasach san fhadtéarma a chur ar thaidhleoireacht eolaíoch an Aonais lena chomharsana sa Deisceart, agus réitigh nithiúla a sholáthar, ag an am céanna, ar dhúshláin chomhchoiteanna atá os comhair Bhallstáit AE agus Thíortha Comhpháirtíochta na Meánmhara; agus MEABHRAÍONN SÍ go bhfuil sé mar aidhm sa chomhpháirtíocht sin [...] go gcuirfear, ar bhonn deonach, an beartas, an eolaíocht, tionscail agus an tsochaí shibhialta ar chonair fhadtéarmach struchtúrtha chun creat fóna a sholáthar maidir le saorchúrsaíocht eolais agus chun cur leis an gcomhar trasteorann. IARRANN SÍ go mbeidh cur chuige comhtháite ann i leith na comhlántachta idir thionscnaimh den chineál sin agus gníomhaíochtaí iltaobhacha agus déthaobhacha i réimse an taighde agus na nuálaíochta i measc tíortha comhpháirtíochta.
7. TUGANN SÍ DÁ HAIRE go bhfuil sé mar aidhm le Fís 2020 tionchar níos mó a imirt ar an taighde agus ar an nuálaíocht trí rannchuidiú le comhpháirtíochtaí poiblí-poiblí a neartú, i gcás ina ndéanfar gníomhaíochtaí ar an leibhéal réigiúnach, ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal idirnáisiúnta a chur chun feidhme ar bhealach comhpháirteach laistigh den Aontas, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht an Aontais i gcláir a ngabhfaidh roinnt Ballstát éagsúil de láimh i gcomhréir le hAirteagal 185 den CFAE. TUGANN SÍ DÁ HAIRE gur gá aon tionscnaimh a bhunaítear faoi Fhís 2020 a bheith i gcomhréir le prionsabal na sármhaitheasa.

8. AITHNÍONN SÍ go ndéanfar togra le haghaidh Clár Chomhpháirtigh, a d'ullmhaigh roinnt Ballstát éagsúil de chuid an Aontais agus roinnt tíortha éagsúla comhpháirtíochta na Meánmhara, a chur faoi bhráid an Choimisiúin in am trátha ar mhaithe le [...] rannpháirtíocht ionchasach an Aontais i dtionscnamh ar bhonn Airteagal 185 CFAE.
9. IS DÍOL SÁSAIMH DI an anailís a rinne na stáit atá rannpháirteach in PRIMA ar na príomhdhúshláin choiteanna atá os comhair an Limistéir agus ar na bearnaí eolais agus nuála chomh maith. TUGANN SÍ DÁ HAIRE go ndearna na stáit atá rannpháirteach in PRIMA an méid a leanas, ar bhonn na hanailíse sin agus ar bhonn phrionsabail an leasa choitinn agus na sochar frithpháirteach:
- (a) shainaithin siad, mar dhúshlán tosaíochta, an gá atá le cumas inbhuanaithe a áirithiú i limistéar na Meánmhara cainníocht agus cáilíocht leordhóthanach de bhia agus d'uisce atá slán a tháirgeadh agus a chur ar fáil ar a bhfuil sláinte agus folláine mar aon le sochair shoch-chultúrtha agus fás eacnamaíoch na ndaonraí sin atá ina gcónaí sa Limistéar ag brath;
 - (b) shainaithin siad an sprioc don togra le haghaidh clár chomhpháirtigh, is é sin, réitigh nuálaíoch, comhtháite a fhorbairt agus a ghlacadh chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht, sábháilteacht, slándáil agus inbhuanaitheacht an táirgthe bia agus an tsoláthair uisce;
 - (c) shainaithin siad clár eolaíoch ar bhonn dhá chuspóir shonracha, eadhon:
 - (i) eolas a fheabhsú agus lántairbhe a bhaint as acmhainneacht a nuálaíochta maidir le slándáil bia agus maidir le huisce a bheith ar fáil trí réitigh a bheidh soláimhsithe don úsáideoir deiridh i gcomhthéacs athrú éiceolaíoch, déimeagrafach agus aeráide,
 - (ii) chun cur leis an eolas agus leis an nuálaíocht atá ann cheana maidir le cáilíocht agus sábháilteacht an uisce agus an bhia.

Saothrófar na cuspóirí sonracha sin trí chuspóirí oibríochtúla.

10. IS DÍOL SÁSAIMH DI na gealltanais airgeadais tháscacha, ar údar dóchais iad, atá curtha in iúl cheana ag roinnt Ballstát Rannpháirteach, idir Bhallstáit de chuid AE agus Tíortha Comhpháirtíochta na Meánmhara mar fhreagra ar an iarratas ó Aire Oideachais, Ollscoileanna agus Taighde na hIodáile. MEABHRAÍONN SÍ gur faoi réir úsáid Airteagal 185 CFAE a ndearnadh na gealltanais airgeadais ó na Ballstáit atá Rannpháirteach in PRIMA.
11. TUGANN SÍ DÁ hAIRE [...] go bhféadfadh **PRIMA, má** bhunaítear ar Airteagal 185 CFAE é [...], trí mais chriticiúil a bhaint amach, ról tábhachtach a bheith aici chun laghdú a dhéanamh ar an ilroinnt agus ar an dúbláil atá ann cheana idir cláir náisiúnta agus cláir Eorpacha i limistéar na Meánmhara, **trí mhais chriticiúil a chruthú**, agus ar an gcaoi sin, bheadh breisluach suntasach don Aontas ag gabháil léi agus bheadh sí ina cuidiú chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le príomhréimsí tosaíochta LET.
12. **CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR** [...] go bhfuil Stáit Rannpháirteacha PRIMA den tuairim: go bhfuil méid an dúshláin, méid agus tábhacht na comhpháirtíochta, na tionscnaimh a bheartaítear, agus an tiomantas polaitiúil leathan, ina ngnéithe uile lena léirítear gur cheart tabhairt faoi thionscnaimh de bhun Airteagal 185 CFAE, mar an ionstraim **is ábhartha agus is iomchuí** chun comhtháthú airgeadais, comhtháthú maidir le bainistiú agus comhtháthú eolaíoch atá cobhsaí, fadtéarmach a chur chun cinn, atá le seoladh faoin gcéad leath de 2017.
13. Dá bhrí sin, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, agus urraim iomlán á tabhairt don cheart tionscnaimh atá aige, measúnú a dhéanamh a luaithe is féidir an bhfuil bonn cirt ann, de bharr raon feidhme na gcuspóirí a shaothrófar agus scála na n-acmhainní a theastaíonn, go mbeadh an tAontas rannpháirteach i gClár Comhpháirteach PRIMA ar bhonn Airteagal 185 CFAE.